

Seamus Mallon

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi bhás Seamus Mallon. Sula bhféachfaidh tú ar an tuairisc, pléigh a bhfuil ar eolas agat leis an duine in aice leat, faoin bpolaiteoir mór le rá.



Ceist 2

An bhfuil Gaeilge agat ar na focail/téarmaí seo thíos a bheidh le cloisteáil sa mhír? Bí ag obair leis an duine in aice leat, agus mura bhfuil sibh cinnte féachaigí san fhoclóir.

- Deputy First Minister _____
- Archbishop _____
- Secretary of State _____
- sympathy _____
- Good Friday Agreement _____
- The Primate of All Ireland _____
- diplomat _____
- the side of justice and peace _____
- he was held in high esteem _____
- grave _____

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 3

Féach ar an mír den dara huair agus déan liosta de na nithe ar fad a dhéanann cur síos ar phearsantacht Seamus Mallon. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 4

Cum seacht gceist le cur ar an duine in aice leat faoin mír. Cuir na ceisteanna ar a chéile ansin.

Ceist 5

'...dearthóir mór...' ach '...aithne phearsanta...'

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an aidiacht 'pearsanta' sa sampla thuas?

2. Ag baint úsáid as na samplaí thuas mar threoir, déan cibé athrú is gá ar na focail idir lúibíní sna habairtí seo:

- Bhí slua (mór) _____ ag an gceolchoirm.
- Ní bean (mór) _____ spóirt í.
- Múinteoir (cumasach) _____ í Máire.
- Is é an teach (bán) _____ ag bun na sráide é.
- Bí cúramach agus tú ag tiomáint, sráid (cúng) _____ í an tsráid sin.
- Duine (cróga) _____ é Pól.
- Ré (fuilteach) _____ i stair na hÉireann a bhí ann.
- Nach gceapann tú gur clár (conspóideach) _____ é?

Ceist 6

Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa agus tugaigí faoin tasc seo le chéile:

- ♥ Déan cur síos ar dhuine mór le rá a bhfuil ard-mheas agat orthu.
- ♥ Déan cur síos ar dhuine amháin i do theaghlach.
- ♥ Déan cur síos ar an múinteoir is fearr a bhí agat.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na ceiste seo i mbeirteanna sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

Deputy First Minister	<i>LeasChéad-Aire</i>
Archbishop	<i>Ard-Easpag, ardeaspag</i>
Secretary of State	<i>Státrúnaí</i>
sympathy	<i>comhbhrón</i>
Good Friday Agreement	<i>Comhaontú Aoine an Chéasta</i>
The Primate of All Ireland	<i>Príomháidh Uile na hÉireann</i>
diplomat	<i>taidhleoir</i>
the side of justice and peace	<i>taobh an chirt agus taobh na síochána</i>
he was held in high esteem	<i>bhí an-armheas air</i>
grave	<i>uaigh</i>

Ceist 3

- eadránaí a bhí tiomanta don tsíocháin
- fathach ár linne a bhí ann
- léirigh sé diongbháilteacht, misneach agus ceannaireacht
- bhí sé i gcónaí ar thaobh na cirt agus na síochána
- laoch ollmhór ab ea Seamus Mallon
- fear díreach agus ionraic
- bhí ardmheas air
- bhí tréithe na crógachta agus an mhisnigh aige
- duine an-deas é

Ceist 4

Mar shampla:

Cén áit ar cuireadh Seamus Mallon?

Cé hiad na daoine mór le rá a bhí ag an tsochraid?

Conas a dhéanfaí cur síos ar Seamus Mallon?

Cé hé Eamon Martin?

Cén fáth a bhfuil clú agus cáil ar Seamus Mallon?

Cad a bhí le rá ag _____ faoi?

An maireann a bhean chéile?

Ceist 5

Cuirtear séimhiú ar an aidiacht tar éis ainmfhocal baininscneach.

Bhí slua **mór** ag an gceolchoirm.

Ní bean **mhór** spóirt í.

Múinteoir **cumasach** í Máire.

Is é an teach **bán** ag bun na sráide é.

Bí cúramach agus tú ag tiomáint, sráid **chúng** í an tsráid sin.

Duine **cróga** é Pól.

Ré **fhuilteach** i stair na hÉireann a bhí ann.

Nach gceapann tú gur clár **conspóideach** é?

Ceist 6

Cuir grúpaí de thriúr nó de cheathrar ina suí le chéile agus iarr orthu cur síos a dhéanamh dá chéile ar na daoine áirithe. Abair leo cur síos a dhéanamh ar a gcuma fhisiciúil, chomh maith le cur síos a dhéanamh ar phearsantacht na ndaoine. Mar shampla:

VIFAX 30 Eanáir 2020

Ardleibhéal

Tá gruaig thada dhonn air agus tá súile gorma aige. Tá sé sách ard agus is léir gur duine aclaí é. Tá bua an cheoil/an spóirt aige. Is é duine de na himreoirí is fearr sa spórt sin le fiche bliain anuas. Is léir go bhfuil an-chraic ann agus bíonn sé an-deisbhéalach nuair a bhíonn sé faoi agallamh. Is duine sotalach é freisin ar ndóigh.

Eimear Ní Chonaola

Bhí slua mór ar shochraid Seamus Mallon sa Mhullach Breac i gContae Ard Mhacha inniu. Bhí sé ina leascheannaire ar an SDLP agus ina LeasChéad-Aire ar Thuaisceart Éireann. Fear é a chaith a shaol ag iarraidh síocháin a thabhairt i réim, a dúirt an tArd-Easpag, Eamon Martin, duine de cheiliúraithe an Aifrinn sochraide.

Peadar Mac Gaoithín

Bhí Céad agus LeasChéad-Aire an Tuaiscirt, Arlene Foster agus Michelle O'Neill, chomh maith leis an Státrúnaí, Julian Smith, an Taoiseach agus iarThaoisigh ina measc siúd a tháinig go dtí teach pobail beag Naomh Séamas Iarúsailéim sa Mhullach Breac in Ard Mhacha inniu, lena gcomhbhrón a chur in iúl do dhuine de phríomhdhréachtóirí Chomhaontú Aoine an Chéasta.

Eadránaí a bhí tiomanta don tsíocháin ab ea Seamus Mallon, a dúirt Príomháidh Uile na Éireann, an tArd-Easpag, Eamon Martin. Ina aitheasc molta dúirt Tim O'Connor, iar-thaidhleoir sa Roinn Gnóthaí Eachtracha, gur fathach ár linne ab ea Seamus Mallon. Dúirt sé go bhfuil sé tábhachtach machnamh a dhéanamh agus buíochas a ghabháil, as na hÍobairtí a rinne sé agus an diongbháilteacht, an misneach agus an cheannaireacht a léirigh sé. Tá saol agus todhchaí níos fearr ag gach duine sa tír anois a bhuíochas dá bhfuil bainte amach ag Seamus Mallon, a dúirt sé.

Tim O'Connor

Leaba i measc na Naomh go raibh ag Seamus Mallon.

Bríd Rodgers, IarLeascheannaire an SDLP

Bhí masla á fhulaingt aige ó achan¹ taobh mar gur sheas sé faoi choinne an chirt, agus in éadan an fhoréigin – ó na hAontachtóirí² nuair a bhí sé ag seasamh suas in éadan an *collusion*³ agus, nuair a bhí sé ag caitheamh anuas ar fhoréigean ón IRA, bhí sé ag fáil masla ó Phoblachtánaigh⁴, ach, ag rá go raibh sé ar thaobh na Breataine. Ní raibh Seamus ar thaobh amháin... ach ar thaobh amháin i gcónaí, is é sin, taobh an chirt agus taobh na síochána.

Patsy McGlone MLA, Leas-Cheann Comhairle, Tionól Thuaisceart Éireann.

Laoch ollmhór a bhí ann. Ní hamháin faoi choinne mhuintir an pháirtí *but for* muintir na hÉireann uile. Fear díreach, ionraic agus bhí an-ardmheas air i measc an phobail anseo, is cuma cén taobh ar a raibh sé, bhí an-ardmheas air.

Enda Kenny, IarThaoiseach

Agus an fhírinne agus an chrógacht agus an misneach a bhí ag Seamus Mallon, bhuel, mar a dúirt mé, sílim go bhfuil deartháir mór cailte againn. Ach, ní hamháin é sin ach go bhfuil deartháir mór cailte ag Éirinn.

Deaglán de Bréadún, Tráchtair Polaitíochta

Is lá brónach é seo do mhuintir na hÉireann, ach rinne sé obair an-mhaith ar son na síochána. Bhí aithne phearsanta agam air agus duine an-deas, b'in an taithí a bhí agamsa air.

Peadar Mac Gaoithín

Cuireadh i gcré na cille é taobh leis an séipéal, san uaigh chéanna lena thuismitheoirí agus a bhean Gertrude.

¹ *gach aon* an leagan caighdeánach

² *Aontachtaithe* an leagan caighdeánach

³ *claonpháirteachas* an leagan Gaeilge

⁴ *Poblachtaigh* an leagan caighdeánach